Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2025

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Spáinnis

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2025**

**TABHAIR FAOI DEARA:**
***Agus an scéim mharcála seo á léamh, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:***

Léiríonn **tulslais** / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí a bhfuil tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

Léiríonn **fleasc -** roimh fhreagra gur freagra ann féin é, a d'fhéadfaí a mheas mar fhreagra nach bhfuil baint aige le haon fhreagraí molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Léiríonn **lúibíní cearnacha [ ]** briseadh síos ar na marcanna laistigh den cheist nó cuirtear níos mó soiléiriú chun go mbronnfar marcanna ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

Léiríonn **focail a bhfuil <u>líne fúthu</u>** gné riachtanach.

**N. B. Maidir le gach Roinn den scrúdú, níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leis na cinn ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *I go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

## Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil

**Ní thugtar nótaí mínithe sna freagraí uile.**

| **Nóta Mínithe** | **Brí** |
|---|---|
| / | Deireadh an phointe a aithint |
| [ | Tús an phointe lascainithe |
| ] | Deireadh an phointe lascainithe |
| - | Pointe fágtha ar lár |
| ✓ | Ábhar feicthe ag an scrúdaitheoir |
| ⦚ | Leathanach bán |
| **MMS** | Scéim Mharcála Mhionathraithe curtha i bhfeidhm |

Marc Iomlán: 300

| Grád | íosmharc |
|---|---|
| 1 | 270 |
| 2 | 240 |
| 3 | 210 |
| 4 | 180 |
| 5 | 150 |
| 6 | 120 |
| 7 | 90 |
| 8 | 0 |

## ROINN A (70 MARC)

**Caithfear na ceisteanna a fhreagairt sa teanga léirithe ar an scrúdpháipéar chun lánmharcanna a fháil.**

**1. (a) Prescribed literature – *Relato de un náufrago*** **(50 marc)**

**C. 1 3 x 3m = 9 marc**

**[Ní bhronntar aon mharcanna má tá focail curtha isteach. Tras-scríbhinn dhíreach ag teastáil]**

**(a)** *otra vez* **(3m)**
**(b)** *vi* **(3m)**
**(c)** *breves minutos* **(3m)**

**C. 2 3 x 3m = 9 marc**

**(a)** … ní cheannaímis i siopa eile seachas a shiopa **(3m)**

**(b)** … an aghaidh/a haghaidh clúdaithe le caille, cosúil leis na damhsóirí Arabacha… **(3m)**

**(c)** … go tobann léim mé (suas) sa rafta **(3m)**

**C. 3 4 + 3 + 3 = 10 marc**

**[An chéad fhreagra cheart = 4m]**

**Trí** cinn díobh seo:

- Giúdach a bhí ann
- Cúntóir siopa sa tsiopa i Mobile
- Bhí na cártaí (gnó) tugtha aige dó/do Luis Alejandro
- D'fhreastail sé ar mhairnéalaigh na Colóime
- Labhair sé Spáinnis i gceart
- Dúirt sé nach raibh sé riamh i dtír ina labhraítear Spáinnis
- Ba é an duine ba shona de gach duine sa chaifé faoin aer
- Dhíol sé éadaí breátha agus saora leis na mairnéalaigh Cholómacha **(4+3+3m)**

**C. 4 4 + 3 + 3 = 10 marc**

**[An chéad fhreagra cheart = 4m]**

**Trí** cinn díobh seo:

- Buí
- Ollmhór
- Ceann riabhach
- súile dírithe agus do-inste
- Súile cosúil le dhá liathróid chriostail
- Gránna
- Ceann scanrúil, péinteáilte cosúil le tromluí
- Bhí sé thart ar cheithre mhéadar (ón gceann go dtí an t-eireaball)
- Ní raibh a fhios aige an réaltacht nó fantaisíocht a bhí ann **(4+3+3m)**

**C. 5 4 + 4 +4 =12 mharc**

Plé ar **thrí** phointe ar bith.

**[Ní bhronntar aon mharcanna le haghaidh freagraí a thacú le tagairt don sliocht]** **(12m)**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta: ¡ESPAÑA ES DIFERENTE! (50 marc)**

**C. 1 4 + 4 + 4 + 4 + 4 = 20 marc**

**(a)** Chun an Spáinn/an tír a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta nua agus coimhthíoch **(4m)**

**(b)** Beannú do dhaoine le dhá phóg/póg ar gach grua, fiú mura bhfuil aithne acu ar a chéile/más strainséirí iad **(4m)**

**(c)** Ní osclaíonn siad go dtí 1 nó 2 a chlog (ar maidin), ina thír féin/san Iorua bheidís dúnta <u>cheana féin</u> **(4m)**

**(d)** Ní mheastar gur rud olc é seo teacht go déanach chuig cóisir le cairde (seanchairde), cruinniú oibre nó (fiú) coinne (rómánsúil) **(4m)**

**(e)** Mar is iad na nithe sin a fhágann gur tír uathúil/fháilteach í an Spáinn a leanann de bheith ag mealladh an oiread sin daoine ó thar lear **(4m)**

[Déanann sé an Spáinn uathúil/fáilteach=2m]
[Tá an Spáinn uathúil amháin=1m]

**C. 2 4 + 4 + 4= 12 mharc**
**[Ní bhronntar aon mharcanna má tá focail curtha isteach. Tras-scríbhinn dhíreach ag teastáil]**

**(a)** *todavía existe* **(4m)**

**(b)** *sorprende* **(4m)**

**(c)** *llaman la atención* **(4m)**

**C. 3 4 + 4 + 4 = 12 mharc**

**(a)** Sa Ghearmáin ní tharlódh sé sin riamh. **(4m)**

**(b)** … anois tá <u>sé</u> ag smaoineamh ar fanacht sa Spáinn go deo **(4m)**

**(c)** … chomh maith leis sin, is iad na traenacha ardluais na cinn is poncúla… **(4m)**

**C.4 (6 mharc)**
[D'fhéadfaí aon mharc ó 0 go dtí 6 a bhronnadh le haghaidh na ceiste seo. **Gan aon mharc le haghaidh freagraí as Gaeilge**

**2. (a) AGUS (b) = 20 marc**

**(a) SAN CRISTÓBOL DE LA LAGUNA, CIUDAD ACCESIBLE 2024 (10 marc)**

(i) Mar gheall go bhfuil a spásanna poiblí agus a seirbhísí iompair ionchuimsitheach agus éasca chun do bhealach a dhéanamh tríothu/taisteal timpeall **(2m)**

(ii) Tá soilse tráchta acu (go háirithe) atá curtha in oiriúint do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu **(4m)**

(iii) (Chun aitheantas a thabhairt) dá dul chun cinn maidir le hoiriúnú foirgneamh do dhaoine ar bheagluaineacht **(4m)**

**(b) El PÁDEL EN IRLANDA, MUCHA AFICIÓN, POCAS PISTAS (10 marc)**

(i) **Ceann amháin** díobh seo: - éasca le foghlaim
- is féidir leat imirt i réimse áiteanna **(4m)**

(ii) Níl dóthain cúirteanna againn (chun an t-éileamh a shásamh)/ níl ach 50 cúirt [2m] agus tá 6000 imreoir againn [1m] **(3m)**

(iii) Sa Spáinn imrítear padal amuigh faoin aer (de ghnáth) ach in Éirinn tá gach rud níos casta mar gheall ar an aeráid/aimsir **(3m)**

**Mura bhfreagraítear ach:**
[tá gá le níos mó cruinneachán a thógáil =1m]

## ROINN B (100 MARC )

**Caithfear na ceisteanna a fhreagairt sa teanga léirithe ar an scrúdpháipéar chun lánmharcanna a fháil.**

## LOS 'INFLUENCERS' DE INTELIGENCIA ARTIFICIAL (IA)

**C. 1 3 +3 + 3 + 3 + 3 = 15 mharc**

**[Ní bhronntar aon mharcanna má tá focail curtha isteach. Tras-scríbhinn dhíreach ag teastáil]**

**(a)** *comienzan a ejercer* **(3m)**
**(b)** *es apasionada de* **(3m)**
**(c)** *una personalidad extrovertida* **(3m)**
**(d)** *da a conocer los problemas* **(3m)**
**(e)** *teniendo en cuenta* **(3m)**

**C. 2 5 + 5 + 5 = 15 mharc**

**[Aimsir cheart ag teastáil chun marcanna iomlána a bhronnadh]**

**(a)** Tá sí an-dathúil, maorga agus an-deas **(5m)**

**(b)** Is cosúil le rud éigin as scannán ficsin eolaíochta í Alba **(5m)**

**(c)** … gearrann siad thart ar 8,000 euro in aghaidh na postála/an fhoilseacháin **(5m)**

**C. 3 1 + 1 + 1 + 1 + 1 = 5 mharc**

**[Ní bhronntar aon mharcanna má tá focail curtha isteach. Tras-scríbhinn dhíreach ag teastáil]**

**(a)** *portavoz* **(1m)**
**(b)** *respeta* **(1m)**
**(c)** *trabajar* **(1m)**
**(d)** *viajar(de un sitio a otro)* **(1m)**
**(e)** *responde* **(1m)**

**C. 4 (2+2+2) + (2+2+2) + (3) = 15 mharc**

**(a) Trí** cinn díobh seo:
- tá na mílte leantóir aici ar Instagram
- is í aghaidh feachtas margaíochta do Meliá/d'óstáin í
- ba í an chéad tionchaire IS chun Survivors/*Supervivientes/*clár ar theilifís (na Spáinne) a chur i láthair
- ghlac sí páirt in ócáid cheiliúrtha gradaim GenZ (2023) **(2+2+2m)**

**(b) Trí** cinn díobh seo:
- vardrús/éadaí
- lóistín
- smideadh
- gruagaireacht
- costais ghaolmhara eile a bhaineann le tionchairí daonna **(2+2+2m)**

**(c)** Ní bhreathnaíonn sé air mar sin toisc gur toradh iad ar iarracht daoine daonna (gairmithe) amhail innealtóirí/speisialtóirí margaíochta digiteacha **(3m)**

**Roinn B: Ceist 5 MARCANNA IOMLÁNA: 50**

Treoirlínte le hÚsáid ar C. 5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

**BARR**
Ardleibhéal comhleanúnachais
Argóinteacht shoiléir
Aidhm na cumarsáide comhlíonta
Gan aon/mórán ábhar neamhábhartha **18 – 25 marc**

**LÁR**
Leibhéal réasúnta de chomhleanúnachas
Is féidir le cainteoir Spáinnise é a thuiscint
Aidhm na cumarsáide beagnach comhlíonta
Roinnt ábhar neamhábhartha **9 – 17 marc**

**BUN**
Easpa comhleanúnachais
Bheadh deacracht ag cainteoir dúchais na Spáinnise é a thuiscint
Níl an aidhm chumarsáide comhlíonta
Cuid mhór ábhar neamhábhartha **0 – 8 marc**

**2. TEANGA** **25 marc**

**BARR**
Spáinnis nádúrtha
Stór focal sách maith
Roinnt botúin litrithe/gramadaí
Úsáid cheart de na haimsirí **18 – 25 marc**

**LÁR**
Stór focal sách maith - sásúil agus oiriúnach den chuid is mó
Briathra cearta den chuid is mó
Gan an iomarca botúin litrithe/gramadaí **9 – 17 marc**

**BUN**
Fadhbanna leis an stór focal – réimse stór focal áirithe
Briathra míchearta den chuid is mó
Go leor botúin litrithe **0 – 8 marc**

**Nóta:**
**Sa chás nach bhfuil aon mharcanna bronnta ar Ábhar 1, (i.e. iarracht neamhábhartha ina iomláine), ní bhronnfar aon mharcanna ar Theanga 2.**
**Ní bhronntar aon mharcanna ar fhrásaí a tógadh díreach ón téacs.**

| ROINN C | MARCANNA IOMLÁNA: 50 |
|---|---|

**Ní mór d'iarrthóirí triail a bhaint as C1 (a) nó 1 (b) AGUS C2 (a) nó 2 (b)**

**Treoirlínte maidir le Roinn C.**

- Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir páirteanna (a) **agus** (b) de Cheist 1 **nó** Ceist 2, caithfear an **dá** cheann a mharcáil agus bronnfar na marcanna ar an bpointe is airde scóir **amháin** den dá cheann.
- Ba chóir neamhaird a thabhairt ar mionearráidí (i.e.nach gcuireann 'teachtaireacht' as a riocht).
- Ní mór do bhriathra a bheith ceart do chun lánmharcanna a fháil.

N.B.: I bpáirt ar bith de scríobh na teanga ní ghearrfar pionós ar an mbotún céanna faoi dhó.

Ceist 1: Agus an cheist seo le marcáil agat – (a) nó (b) – ba chóir cloí tríd is tríd leis na tosaíochtaí d'Ábhar agus Teanga i Roinn B, C.5.

**Ceist 1 (a)** **COMHRÁ A CHUMADH** **30 marc**

Lig do **6** mharc an ceann ar a mhéad. **(5 x 6m = 30 marc)**

***NÓ***

**Ceist 1 (b)** **LITIR / RÍOMHPHOST** **30 marc**

- Tá **cúig** phointe le déanamh. **(5 x 6m = 30 marc)**
- Lig do **6** mharc an ceann ar a mhéad.
- Tabhair faoi deara ba cheart gach pointe *a fhorbairt* agus *a mhéadú.*
- D'fhéadfadh an litir/ ríomhphost a bheith bunaithe **go garbh** ar na moltaí a tugadh.

Critéir do Cheist **1 (a) COMHRÁ** agus **(b) LITIR**

**MARCANNA IOMLÁNA: 30 MARC** **(Marcáil gach 'casadh' go sainiúil)**

| | |
|---|---|
| **6 mharc:** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta.<br>Ní mór do bhriathra a bheith ceart do chun lánmharcanna a fháil. |
| **4** - **5 mharc:** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta, a bheag nó a mhór.<br>Briathra cearta den chuid is mó. |
| **2** - **3 mharc:** | Cuid d'aidhm na cumarsáide comhlíonta.<br>Roinnt mhaith earráidí gramadaí agus botúin litrithe.<br>Úsáid mícheart de bhriathar/ aimsirí míchearta. |
| **1 mharc:** | Cuid fhíorbheag d'aidhm na cumarsáide comhlíonta. |
| **0 marc:** | Níl an chiall curtha in iúl in aon chor. |

**Ceist 2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Lig do **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(4 x 5m = 20 marc)**
Ní gá go mbeadh forbairt ar phointí riachtanach.

***NÓ***

**Ceist 2 (b)** **NÓTA** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Lig do **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(4 x 5m = 20 marc)**
Ní gá go mbeadh forbairt ar phointí riachtanach.

Critéir do **Cheist 2 (a) DIALANN** agus **(b) NÓTA**

**MARCANNA IOMLÁNA:** **20 MARC** **(Marcáil gach pointe go sainiúil)**

| | |
|---|---|
| **5 mharc** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta.<br>Briathra cearta. |
| **4 mharc** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta, a bheag nó a mhór.<br>Briathra cearta den chuid is mó. |
| **3 mharc** | Aidhm na cumarsáide comhlíonta, a bheag nó a mhór.<br>D'fhéadfaí roinnt earráidí gramadaí & botúin litrithe bheith ann . |
| **2 mharc** | Cuid d'aidhm na cumarsáide comhlíonta.<br>Roinnt mhaith earráidí gramadaí & botúin litrithe. |
| **1 mharc** | Níl mórán den chiall curtha in iúl. |
| **0 marc** | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

## CLUASTUISCINT (80 MARC)

**Caithfear na freagraí ar fad a bheith as Gaeilge.**

**Má fhreagraítear an scrúdú/roinn ar fad i Spáinnis: marcáil é i gcomhréir leis an Scéim Mharcála agus bronn leath na marcanna a gnóthaíodh.**

**1. UN DISCO TOUR SILENCIOSO**
**3 (2+1) + 3 mharc = 9 marc**

**(a)** An faisean is déanaí sa turasóireacht agus sa tsiamsaíocht **(3m)**

**(b)** **Dhá** cheann díobh seo:
- damhsa
- gáire
- cluichí spraíúla **(2+1m)**

[An chéad fhreagra cheart = 2m]

**(c)** Cóisirí teaghlaigh, (ceiliúradh a dhéanamh ar) lá breithe, imeachtaí comhlachta/gnó **(3m)**

**2. ENTREVISTA CON EL CINEASTA PEDRO ALMODOVAR**
**3+ 3 + 3 + 3 mharc = 12 mharc**

**(a)** Ní chuimhin leis an dath (dearg) in éadaí a óige **(3m)**

[is é dearg an dath is fearr leis/is é an dath is fearr leis =1m mura dtugtar ach an fhaisnéis seo]

**(b)** In ísle brí, (níos) éiginnte, (níos) eaglaí **(3m)**

**(c)** Tá daoine atá 40 bliain níos óige ná é ag roghnú a scannán **(3m)**

[féachann daoine ar a scannáin/roghnaíonn siad iad =1m]
[tá daoine/glúnta níos óige ag roghnú/ag féachaint ar a scannáin=2m]

**(d)** Lucht féachana níos lú [2m] agus (neart) pictiúrlann tar éis dúnadh [1m] **(3m)**

**3. HABLANDO CON LA PATINADORA ARTÍSTICA PAULA ROMAGUERA**
**3+ 3 + 4 + (2+1) mharc = 13 mharc**

**(a)** D'fhéach sí ar bhratach na Spáinne [2m] agus ghol sí (mórán) [1m] **(3m)**

**(b)** Go leor iarrachta (ag teastáil), (ar deireadh thiar) is fiú é **(3m)**

**(c)** Go minic (is gá) traenáil a chur ar ceal (mar gheall ar) easpa áiseanna (leordhóthanacha) **(4m)**

**(d)** **Dhá** cheann díobh seo:
- go hiontach
- réitímid (go léir) go (han)-mhaith
- oibrímid mar fhoireann **(2+1m)**

[An chéad fhreagra cheart = 2m]

**4. EL MES DE NACIMIENTO**
**3 + 3 + (2+2) + 3 mharc = 13 mharc**

**(a)** **Ceann amháin** de: - sláinte
- pearsantacht
- airde **(3m)**

**(b)** (Is nós leo éirí) feargach go héasca **(3m)**

**(c)** **Dhá** cheann díobh seo: - goilliúnach
- dílis
- is aoibhinn leo a bheith ag cáineadh **(2+2m)**

**(d)** **Ceann amháin** díobh seo: - smaoiníonn siad ar chúrsaí fadtéarmacha
- (is maith leo) jócanna
- (de ghnáth) leisciúil **(3m)**

**5. CONCIERTOS EN EL SANTIAGO BERNABEU**
**4 +2 + (2+1) + 4 mharc = 13 mharc**

**(a)** Gearáin faoi thorann, salachar agus trácht **(4m)**

**(b)** **Ceann amháin** díobh seo: - cur amú airgid
- ní dhearnadh faic chun dul i ngleic le (fadhb) an truaillithe fuaime **(2m)**

**(c)** Coireacht chomhshaoil; bíonn tionchar acu ar (chaighdeán) beatha/gach duine **(2+1m)**

**(d)** Cuir teorainn 2 uair an chloig le (fad na) ceolchoirme **(4m)**

**6. EL TIEMPO**
**2 + 3 + 3 mharc = 8 marc**

**(a)** (Go leor) ceo, (beagán) gaoithe **(2m)**

**(b)** Rabhadh (buí), báisteach (throm) agus stoirm **(3m)**

**(c)** Méadóidh/sroichfidh siad, uasmhéid de 26 íosmhéid 14 **(3m)**

**7. UN CLAN MAORÍ DE ESPAÑOLES**
**4 + 3 + 2 + 3 mharc = 12 mharc**

**(a)** **Ceann amháin** díobh seo: **-** déanann siad ceiliúradh ar an 12ú Deireadh Fómhair
- i spóirt tacaíonn siad leis an Spáinn **(4m)**

**(b)** Faoi dhraíocht ag áilleacht na mban **(3m)**

**(c)** (thosaigh sé) gnó ag díol táirgí áitiúla **(2m)**

**(d)** Cúigear ban chéile, naoi bpáiste, 41 garpháiste **(3m)**

**9+12+13+13+13+8+12 = 80 marc**

## AGUISÍN A hAON

## CÓIRÍOCHT RÉASÚNACH AGUS SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Leagan taifeadta den obair scríofa.*
- *Ríomhaire le saoráid seiceála litrithe air á úsáid.*
- *Úsáid scríobhaí.*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*

I gcás na n-iarrthóirí sin dár deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus le gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí i ngnéithe áirithe den ghramadach. Le hobair na n-iarrthóirí á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Triail Chluastuisceana**
Freagraítear an chuid seo den scrúdú i mBéarla/Gaeilge, agus dá bhrí sin ní gá socruithe ar leith a dhéanamh, toisc nach ngearrtar pionós as litriú mícheart ná as gramadach mhícheart sa ghnáthscéim mharcála.

**Ranna A agus B**
Do cheisteanna a fhreagraítear i Spáinnis, ní ghearrfar pionós ar litriú mícheart agus gnéithe áirithe gramadaí ar nós foircinn na mbriathar agus comhtheacht aidiachtaí.

**Roinn B Ceist 5**
Déanfar ábhar agus cumarsáid a mharcáil mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as litriú mícheart, ar nós síneadh fada atá in easnamh nó mícheart, agus gnéithe den ghramadach, ar nós foircinn na mbriathra agus comhtheacht aidiachtaí.

**Roinn C**
Déanfar ábhar agus cumarsáid a mharcáil mar is gnách ach ní ghearrfar pionós as litriú mícheart, ar nós síneadh fada atá in easnamh nó mícheart, agus gnéithe den ghramadach, ar nós foircinn na mbriathra agus comhtheacht aidiachtaí.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA SPÁINNIS 2025 TRAS-SCRÍBHINN Ó CHLUAS**

## 1. ANUNCIO: UN DISCO TOUR SILENCIOSO

¿Alguna vez has visto a un grupo de personas bailando por las calles, pero sin música? Disfrutan de un disco tour silencioso que se ha hecho muy popular en países como Irlanda, Australia o Estados Unidos. Esta nueva experiencia es la última moda de ocio y turismo.
Se trata de un recorrido por el centro de las ciudades, en grupo, donde todos escuchan la misma música. Pero es una aventura silenciosa, porque todos llevan auriculares. Según los participantes, es algo especial porque se puede bailar y reír con juegos divertidos.
Es una actividad que se puede disfrutar con amigos, en pareja o en familia. Esta es una opción perfecta para ocasiones como las fiestas familiares, los cumpleaños y los eventos de empresa.
Se recomienda llevar agua, ropa cómoda y gafas de sol.

## 2. DIÁLOGO: ENTREVISTA CON EL CINEASTA PEDRO ALMODÓVAR

**Pedro, el color rojo aparece en todas tus películas, ¿por qué?**
Es un elemento esencial en mis películas porque no recuerdo el color rojo en la ropa de mi infancia. Ahora me dicen que repito mucho el verde también. Mis colores favoritos son el verde y el rojo.

**¿Ser mayor te ha cambiado como persona?**
Sí, ahora que soy mayor, soy alguien melancólico, más inseguro y tengo más miedo. Yo no tengo hijos. Tengo gatos y películas.

**PAUSA**

**¿Tienes planes para jubilarte?**
No creo, mi vida no tiene sentido sin el cine. Soy un afortunado porque la gente que tiene cuarenta años menos que yo elige mis películas.

**¿Te preocupa el futuro del cine?**
Hombre, un poco sí, porque los espectadores son cada vez menos y se han cerrado un montón de cines. Ya veremos.

**3. DIÁLOGO: HABLANDO CON PAULA ROMAGUERA, PATINADORA ARTÍSTICA**

**Paula, háblanos de ti.**
Tengo diecinueve años y soy madrileña. Acabo de conseguir el título de Campeona del Mundo de Patinaje Artístico en Línea. Durante la ceremonia de las medallas, miré la bandera de España y lloré mucho.

**¡Enhorabuena! ¿Entrenas mucho?**
Entreno de lunes a viernes, tres horas al día. Los fines de semana, más. Mi padre dice que este deporte requiere mucho esfuerzo, pero al final vale la pena.

**PAUSA**

**¿Es un deporte popular en España?**
Todavía no. Al ser un deporte minoritario hay desventajas. Por ejemplo, a menudo cancelamos los entrenamientos por falta de instalaciones adecuadas.

**¡Ay, qué pena! ¿Cómo es tu club?**
El club es genial, todos nos llevamos súper bien y trabajamos en equipo. Es una disciplina muy deportiva y muy artística. Por eso, fuera del club, hago también clases de teatro, de música y de inglés.

**4. DESCRIPTIVO: EL MES DE NACIMIENTO**

Según un estudio realizado por la Universidad de Alicante, tu mes de nacimiento puede influir en tu salud, tu personalidad y tu altura.
No da igual venir a este mundo en una estación u otra. Los nacidos en otoño tienden a enfadarse fácilmente, mientras que la característica principal de los nacidos en primavera es el optimismo.

**PAUSA**

Cada mes tiene sus virtudes y sus defectos. Descubrieron que, si tu cumpleaños cae en febrero, eres sensible y leal, aunque te encanta criticar. Si has nacido en abril, eres simpático y te gusta ayudar a la gente, pero puedes ser estricto.
Los nacidos en junio piensan a largo plazo y les gustan las bromas, pero suelen ser perezosos.

**5. DESCRIPTIVO: CONCIERTOS EN EL ESTADIO SANTIAGO BERNABÉU**

El Estadio Santiago Bernabéu del Real Madrid quiere convertirse en un epicentro musical. En 2024, hubo dieciocho conciertos durante el verano. Pero han anunciado la suspensión de los conciertos programados para este año debido a las quejas por el ruido, la suciedad y el tráfico.
Los residentes opinan que las últimas obras en el estadio han sido una pérdida de dinero porque no hicieron nada para combatir la contaminación acústica.

**PAUSA**

El portavoz del ayuntamiento define la situación como un delito medioambiental que afecta la calidad de vida de todos.
Como solución, el Ayuntamiento propone limitar la duración de los conciertos a dos horas como máximo.

**6. EL TIEMPO**

Pronóstico para hoy, jueves, trece de octubre.
En Galicia, la jornada empezará con mucha niebla y un poco de viento.
Se prevé un día bastante complicado en el sur porque en Andalucía y en Murcia hay una alerta amarilla por fuertes lluvias y tormentas.
En las Islas Baleares, pocos cambios con cielos despejados.
En las Islas Canarias las temperaturas máximas aumentarán hasta los 26 grados, con mínimas de 14 grados.

**7. UNA NOTICIA: UN CLAN MAORÍ DE ESPAÑOLES**

En un pueblo de la isla norte de Nueva Zelanda hay un clan maorí conocido como los 'Paniora', cuyo nombre significa 'los españoles' y suma casi 20.000 personas. Se sienten españoles porque festejan el doce de octubre y en los deportes apoyan a España.
El clan fue creado por un segoviano, Manuel José de Frutos, un español que llegó a Nueva Zelanda en 1843. Según la historia, Manuel se quedó allí fascinado por la belleza de las mujeres. Dicen que Manuel era alto, pelirrojo, guapísimo y con los ojos verdes.

**PAUSA**

Pero Manuel nunca perdió el contacto con los europeos, ya que empezó un negocio vendiéndoles productos locales. Dada la distancia, nunca más volvió a ver Segovia, su tierra natal.
Cuando Manuel murió, su familia ya incluía cinco esposas, 9 hijos y 41 nietos.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |